



AN COIMISIÚN  
EORPACH

An Bhruiséil, 8.12.2025  
C(2025) 8378 final

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 8.12.2025**

**lena leasaítear na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme a leagtar síos i Rialachán Cur  
Chun Feidhme (AE) 2024/3117 a mhéid a bhaineann le tuairisciú maoirseachta  
institiúidí ar riosca oibriúcháin**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 8.12.2025

## **lena leasaítear na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3117 a mhéid a bhaineann le tuairisciú maoirseachta institiúidí ar riosca oibriúcháin**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012<sup>1</sup>, agus go háirithe Airteagal 430(7), an cúigiú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 le Rialachán (AE) 2024/1623 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>2</sup> chun an tacar is déanaí de chaighdeáin idirnáisiúnta de chuid Choiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht (Basel III) a chur chun feidhme. Mar thoradh ar na caighdeáin sin, glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3117 ón gCoimisiún<sup>3</sup>, lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i dtaca le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann le tuairisciú maoirseachta institiúidí.
- (2) I bhfianaise na n-athruithe ar an gcreat stuamachta le haghaidh ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca oibriúcháin, bhí gá le teimpléid tuairiscithe nua chun a áirithiú go dtuairisceoidh institiúidí i gcomhréir leis an gcreat nua atá i bhfeidhm. Cé gur tugadh isteach roinnt de na hathruithe sin ar na teimpléid tuairiscithe cheana féin le Rialachán (AE) 2024/3117, níorbh fhéidir roinnt teimpléad eile a thabhairt cothrom le dáta ach amháin tar éis tuilleadh forbartha teicniúla a dhéanamh ar na ceanglais le haghaidh riosca oibriúcháin, go háirithe maidir le sonrú chomhpháirteanna an táscaire gnó, na hítimí atá le heisiamh ón táscaire gnó agus a mapáil ar na cealla tuairiscithe comhfhreagracha.
- (3) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1496 ón gCoimisiún<sup>4</sup>, cuireadh siar dáta chur i bhfeidhm na gceanglas cistí dílse le haghaidh riosca margaidh go dtí an 1 Eanáir 2027.

<sup>1</sup> IO L 176, 27.6.2013, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/575/oj>.

<sup>2</sup> Rialachán (AE) 2024/1623 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann le ceanglais le haghaidh riosca creidmheasa, riosca um choigeartú luachála creidmheasa, riosca oibriúcháin, riosca margaidh agus an t-íosráta aschuir (IO L, 19.6.2024, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1623/oj>).

<sup>3</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3117 ón gCoimisiún an 29 Samhain 2024 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i dtaca le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le tuairisciú maoirseachta institiúidí agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2021/451 ón gCoimisiún (IO L, 2024/3117, 27.12.2024, lch. 1, ELI: [http://data.europa.eu/eli/reg\\_impl/2024/3117/oj](http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/3117/oj)).

<sup>4</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1496 ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le dáta chur

Mar thoradh air sin, an tuairisciú atá ann cheana maidir leis na ceanglais le haghaidh riosca margaidh a bhfuil feidhm acu go dtí an 31 Nollaig 2026, is gá an tuairisciú sin a choinneáil ar bun. Dá bhrí sin, ba cheart síneadh a chur le forálacha idirthréimhseacha Rialachán (AE) 2024/3117 agus ba cheart aisghairm na bhforálacha ábhartha de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451 ón gCoimisiún<sup>5</sup> a chur siar bliain eile.

- (4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3117 a leasú dá réir sin.
- (5) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a chuir an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) faoi bhráid an Choimisiúin.
- (6) Rinne ÚBE comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>6</sup>.

## TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

### *Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3117 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Chun na ceanglais cistí dílse dá dtagraítear in Airteagal 92(4), pointí (b)(i) agus (c), agus Airteagal 92(5), pointí (b) agus (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a ríomh, déanfaidh institiúidí, go dtí an 31 Nollaig 2026, an fhaisnéis faoi na ceanglais cistí dílse a bhaineann le riosca margaidh a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 5(12) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451.’;
- (2) in Airteagal 7, cuirtear pointe (c) seo a leanas isteach:

‘(c) Tuairisceoidh máthairinstitiúidí de chuid an Aontais an fhaisnéis a cheanglaítear in Iarscríbhinn I, teimpléad C 16.04 a bhaineann le faisnéis maidir le fochuideachtaí atá faoi réir an mhaolaithe dá bhforáiltear in Airteagal 314(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. ar bhonn ráithiúil.’;
- (3) in Airteagal 25, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

‘1. Scoirfidh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451 d’fheidhm a bheith aige ón 1 Eanáir 2025, seachas Airteagal 5(12) agus Iarscríbhinn I, teimpléid 18 go 24, agus Iarscríbhinn II, Cuid II, pointí 5.1 go 5.7. Beidh feidhm i gcónaí ag

---

i bhfeidhm na gceanglas cistí dílse le haghaidh riosca margaidh (IO L, 2025/1496, 19.9.2025, ELI: [http://data.europa.eu/eli/reg\\_del/2025/1496/oj](http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/1496/oj)).

<sup>5</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i dtaca le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tuairisciú maoirseachta institiúidí agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014 (IO L 97, 19.3.2021, lch. 1, ELI: [http://data.europa.eu/eli/reg\\_impl/2021/451/oj](http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/451/oj)).

<sup>6</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1093/oj>).

Airteagal 15 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451 go dtí an 31 Nollaig 2026 chun críocha Airteagal 5(4) den Rialachán seo agus chun na gcríoch sin amháin.

2. Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451 le héifeacht ón 31 Nollaig 2026.’;
- (4) in Iarscríbhinn I, leasaítear Roinn 1 – ‘Tuairisciú ar chistí dílse agus ar cheanglais cistí dílse’, mar a leanas:
- (a) cuirtear teimpléad “C 16.01 - RIOSCA OIBRIÚCHÁIN - CEANGLAIS CISTÍ DÍLSE (OPR OF)” mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad theimpléad “C 16.01 – RIOSCA OIBRIÚCHÁIN – CEANGLAIS CISTÍ DÍLSE (OPR OF)”;
  - (b) maidir le teimpléad “C 16.02 - RIOSCA OIBRIÚCHÁIN - COMHPHÁIRT AN TÁSCAIRE GNÓ (OPR BIC)”, teimpléad “C 16.03 - MIONDEALÚ AR RIOSCA OIBRIÚCHÁIN (OPR BD) - CAILLTEANAIS, COSTAIS, SOLÁTHAIRTÍ AGUS TIONCHAIR AIRGEADAIS EILE A EASCRAÍONN AS TEAGMHAIS RIOSCA OIBRIÚCHÁIN” agus teimpléad “C 16.04 - RIOSCA OIBRIÚCHÁIN - FAISNÉIS MAIDIR LE FOCHUIDEACHTAÍ ATÁ FAOI RÉIR AIRTEAGAL 314(3) CRR” a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, cuirtear iad isteach i ndiaidh theimpléad “C 16.01 - RIOSCA OIBRIÚCHÁIN - CEANGLAIS CISTÍ DÍLSE (OPR OF)”.

#### *Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8.12.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
*Ursula VON DER LEYEN*